

An Máistir Ó Coisdealbha

AN CHÉAD DRÁMA

Chum Dia dráma 'Gleann na nDeor',
Agus thug sé páirt ann do go leor,
Dráma fada ar stáitse mór,
An domhan.

Sé Dia a chum an tragóid staire,
Agus rinne sé leideoir den bhuachaill báire,
Táim cinnte glan go mbíonn sé ag gáire,
Faoin aisteoireacht.

Chum sé dráma le milliúin radharc,
Agus rinne sé leideoir d'fhear na n-adharc,
Ar chúil an chuirín as ar radharc,
Na héisteoirí.

Léiríonn sé fhéin a dhráma,
Agus tugann sé na torthaí ag deireadh an ama,
Faigheann an leideoir na daoine cama,
Ach coinníonn sé fhéin na daoine mánla,
Nach aisteach.

Tá mo pháirt sa ailt a bheith thart,
Ach ní raibh na focla a'm i gceart,
Thar fóir sa ngluaiseacht is ó smacht,
Ach tá na torthaí fós le theacht,
Chaill mé marcannaí.

Níl fanta anois ach mír bheag eile,
Nó go dtitfidh an t-úirtín síos ag deireadh,
Tiocfaidh an dráma ar aghaidh le foireann eile,
Agus fágfar mise ag an seoladh deireadh,
An reilig.

Más uaigh an mhír atá le theacht,
Ná an radharc deire a d'imigh thart,
Imeoidh mo chiall 's mo mheabhair ó smacht,
Agus scoiltefidh an croí in mo lár faoi sheacht,
Le hualúneas.

Tiúrfaidh an dochar suas a chas,
Is fágfar mise ag an mbás,
Ansin tá mise ag deireadh an ráis,
Tabhair duais dom.

Beidh mo chnámha gconra dharaigh,
Is mé sínte siar le admhais na n-araí,
Díbir a leideoir agus feara,
A léiritheoir.

Biseach 2006

AONGUS

Tá leaidín beag agamsa, leaidín beag bídeach
Agus cothrom an lae seo sea rugadh é.
Ag a sé a chlog anocht beidh sé bliain ar an saol
Agus anocht sé an rí ar an teallach é.

I ndiaidh a chinn roimhe a tháinig Aongus sa saol
Ní raibh sé ag iarraidh a theacht, ach tháinig sé;
Bíonn meangadh ar a bhéal ó mhaidín go faoithin
Rud a insíonn gur cosúil gur maith leis é.

Tá an teach lán anseo inniu lena chairde is a ghaoil
Agus gan fhios aige fhéin cén t-údar é;
Iadsan ag síorá 'gus ag síosca eadrab fhéin
Agus ag fiafraí cé leis a ndeachaigh sé.

Tháinig an cheist sin chomh fada liom fhéin
Agus is beag nár sáinneadh cheal freagra mé
Ach má bhíonn sé in ann a dhul inniu chuile áit a raibh sé inné
Sílim gur cuma liom eatarthu é.

Tá mise san aois le nach bhfeicfidh mé an lá
Go mbeidh Aongus sa mbeár agus deoch aige.
Ach má chaitheann sé dhó a sheaicéad, ag fiafraí cé is fearr
Fiafróidh fear éigin cé leis a ndeachaigh sé.

Dá mairfeadh an leaid sin céad bliain ins an saol
Ag breathnú roimhe air is fad' an t-achar é
Ach ag breathnú ina dhiaidh air 's é i ndeireadh a ré
Fiafróidh sé: 'meastú cá ndeachaigh sé?'

Dá dtagadh an lá inné ar ais rud nach dtarlóidh go héag
Mar léas ar an saol ní thagheann ceachtar againn
Ní iarrfainn malairt an mhic a raibh a lá breithe aige inné
Ná malairt na mhá a bhí ina Mhama aige.

Johnny Chóil Mhaidhc

Bhí ócáid stairiúil i Seanscoil an Chnoic mí na Samhna 2005, nuair a bronnadh Céim Máistreachta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha as an Tulaigh agus Joe Steve Ó Neachtain as an gCré Dhubh in aitheantas dá saothar scríbhneoireachta, cumadóireachta agus aisteoireachta. Tá pictiúir den ócáid ar na leathanaigh seo romhainn.

Bronnadh

Lá dá saol – Johnny Chóil Mhaidhc agus Joe Steve ag baint sásaimh as ócáid bronnta a gCéimeanna Máistreachta i Seanscoil Sailearna ar an 4 Samhain 2005. Orthu sin atá sna pictiúir seo, tá Máirtín Jaimsie agus Danny de Bailís, Timín Joe Tim, Peadar Mac an Iomaire, Gearóid Denvir, An tAth. de Bláca, An tAth. Ó Flannabhra, Máire Uí Dhroighneáin agus Iognáid Ó Muircheartaigh (OÉG).



